Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8661/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0068(NLE)**

**MAR 73**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7874//2/25 REV 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7571/25 + ADD 1+ ADD 2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a bunaíodh de bhun Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stáit an Chalafoirt le linn na tréimhse ó 2025 go dtí 2029<br>– Glacadh |

## RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

1. An 28 Márta 2025, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig an gComhairle.

2. Le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] leagtar amach córas dlí an Aontais maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. Tá an córas sin bunaithe ar an struchtúr atá cheana ar Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt (‘Meabhrán Comhthuisceana Pháras’).[2]

[1] Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).
[2] Tá Meabhrán Comhthuisceana Pháras sínithe ag 22 Bhallstát de chuid an Aontais agus ag Ceanada, an Íoslainn, an Iorua, Cónaidhm na Rúise (comhaltas ar fionraí, féach Cinneadh ón gComhairle (AE) 2022/762) agus an Ríocht Aontaithe.

3. Tugtar nósanna imeachta, uirlisí agus gníomhaíochtaí áirithe, amhail treoracha, de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras isteach i ndlí an Aontais trí Threoir 2009/16/CE agus, dá bhrí sin, beidh cinntí áirithe arna nglacadh ag an gCoiste um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras ceangailteach ar Bhallstáit an Aontais.

4. Go dtí 2015, is ar bhonn bliantúil a cinneadh an seasamh a bhí le glacadh thar ceann an Aontais sa choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt. Ós rud é go bhfágann rialacha inmheánacha Mheabhrán Comhthuisceana Pháras gur deacair seasamh a bhunú go tráthúil le haghaidh gach cruinniú aonair den choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, ar seasamh é atá le glacadh thar ceann an Aontais, mhol an Coimisiún cinneadh réime ilbhliantúil sa bhliain 2015, lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2016 go dtí 2019, a ghlac an Chomhairle go cuí[1]. Tar éis an Chinnidh sin ón gComhairle, tháinig an dara cinneadh réime ilbhliantúil don tréimhse ó 2020 go dtí 2024[2].

5. Leis an dréachtchinneadh sin ón gComhairle, dá nglacfaí é, chuirfí creat ilbhliantúil ar fáil don seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gcoiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras don tréimhse ó 2025 go dtí 2029.

## AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 7 agus an 14 Aibreán 2025. Ag an gcruinniú deireanach sin, rinneadh roinnt athruithe ar an togra a cuireadh faoi réir nós imeachta neamhfhoirmiúil tosta, gan aon agóid a bheith curtha in iúl ag an toscaireacht.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle [3].

## GNÍOMHAÍOCHT IARRTHA

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 8474/25 é, a d'ullmhaigh na saineolaithe dlí agus teanga, agus san aguisín a ghabhann leis, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle d'fhonn é a ghlacadh ag seisiún a bheidh ann amach anseo.

---

1 Cinneadh (AE) 2016/381 ón gComhairle an 14 Márta 2016, IO L 72, 17.3.2016, lch. 53.
2 Cinneadh (AE) 2020/722 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020, IO L 171, 2.6.2020, lch. 4.
3 Ní dhearna na seirbhísí dlítheangeolaíocha athbhreithniú ar an dá iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle, agus áirítear iad in aguisín a ghabhann le 8474/25.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.